Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

# Aighneacht Gaeloideachas maidir le Comhairliúcháin Poiblí ar Rialáil Cúram Leanaí in Aois Scoile agus ar Sheirbhísí Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige

21 Deireadh Fómhair 2025

## Réamhrá

Is mian le Gaeloideachas aighneacht a chur faoi bhráid na Roinne Leanaí, Míchumais agus Comhionannais maidir le Comhairliúcháin Poiblí ar Rialáil Cúram Leanaí in Aois Scoile agus ar Sheirbhísí Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige.

Fáiltíonn Gaeloideachas, mar eagraíocht náisiúnta ionadaíochta agus tacaíochta na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht roimh an deis aighneacht a chur faoi bhráid na Roinne, agus ach go háirithe mar a bhaineann le hearnáil an tumoideachais.

Díreofar thíos ar na saincheisteanna a ardaítear sa pháipéar chomhairliúcháin agus riachtanais na hearnála tumoideachais ina leith.

**Ceist 2: Purpose of school-age childcare. Regulated school-age childcare services should be established for the purpose of offering a range of activities to**

- **support children's learning**
- **support children's development**
- **facilitate children's rest and relaxation**
- **support recreational activities for children**

Chun go ndéanfar treisiú ar na cuspóirí uile thuas in oiriúint don suíomh tumoideachais agus do phobal mionteanga, bunaigh ciste spriocdhírithe do sheirbhísí cúraim do pháistí in aois scoile trí mheán na Gaeilge.

- Cuir maoiniú imfhálaithe ar fáil chun forbairt agus inmharthanacht sheirbhísí iarscoile trí Ghaeilge a chinntiú.
- Tabhair deontais do bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna i limistéir Ghaeltachta chun seirbhísí cúraim trí mheán na Gaeilge a fhorbairt ar an láthair
- Spreag agus neartaigh an chomhpháirtíocht idir seirbhísí cúraim áitiúla trí Ghaeilge agus scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Déan iniúchadh ar an bhféidearthacht seirbhísí comhpháirteacha a fhorbairt, go háirithe má tá siad suite ar an gcampas céanna.
- Bunaigh buan-choiste comhairleach faoi chathaoirleacht na Roinne Leanaí le plé go sonrach le ceisteanna a bhaineann leis an tumoideachas agus cinntigh go bhfuil ionadaíocht air ón lucht saothair, ó thuismitheoirí agus ó eagrais tacaíochta.

**Ceist 7: Links with schools. Regulated school-age childcare services should be required to have a formal link with one or more schools.**

- Ní mór an Acht Oideachais Ligean Isteach do scoileanna a leasú leis an ngaol foirmiúil seo a aithint i gcás an tumoideachais. Ní mór an deis a éascú gur féidir le bunscoileanna lán-Ghaeilge tús áite a thabhairt do pháistí ó naíonra sa cheantar chun go leanfaí le buntáistí an tumoideachais dóibh. Sa chás go bhfuil liosta feithimh ann sa bhunscoil, is gá na féidearthachtaí a fhiosrú maidir le leathnú a dhéanamh ar an scoil sin, nó tuilleadh scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú sa cheantar máguaird.
- Go mbeidh soláthar cúraim réamhscoile agus iarscoile comhtháite i bpleananna na Limistéar Pleanála Teanga (LPTanna), an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, an Plean Cuimsitheach do Sholáthar Gaeilge san Luathfhoghlaim agus Cúram Leanaí agus Cúram Leanaí i ndiaidh na Scoile, agus an Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.
- Cinntigh go mbeadh seirbhísí réamhscoile agus iarscoile trí Ghaeilge mar chuid d'aon scoil lán-Ghaeilge nuabhunaithe.

**Ceist 16: Minimum qualifications. It is proposed that the comprehensive regulations for school-age childcare will deliver the Nurturing Skills commitment to introduce a regulatory minimum qualification requirement at Level 5 on the National Framework of Qualifications (NFQ), for all practitioners and managers in school-age childcare, with a lead-in time**

- Aithin agus tabhair tacaíocht do chúramóirí Gaeilge neamhfhoirmiúla agus pobalbhunaithe a d'fhéadfadh aistriú go róil fhoirmiúla i gcúram réamhscoile nó iarscoile trí uasoiliúint.

**Ceist 21: Language proficiency. In line with the commitment in Nurturing Skills, should a regulatory requirement be introduced – with an appropriate lead-in time – for both early years educators and school-age childcare practitioners to have achieved a specified level of language proficiency in the language of the setting?**

- Tabhair feidhm do na moltaí atá le fáil sa Tuarascáil ar Thorthaí an Chomhchomhairliúcháin ar an bPlean Cuimsitheach do Sholáthar Gaeilge san Luathfhoghlaim agus Cúram Leanaí agus Cúram Leanaí i ndiaidh na Scoile, le Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, ar son na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.
- Déan cúrsaí oiliúna éigeantacha cúram leanaí Leibhéal 5 agus Leibhéal 6 trí Ghaeilge a fhorbairt (cúrsaí i bpearsan agus ar líne).
- Cuir maoiniú ar fáil le liúntas a íoc leo siúd atá ag obair san earnáil réamhscoile nó iarscoile trí Ghaeilge.

**Ceist 24: Admissions policies. Should both pre-school and school-age childcare services be required to have a published admissions policy? What should the admissions policy be required to include?**

- Ba cheart polasaithe iontrála a bheith ag seirbhísí a chinntíonn comhionannas maidir le rochtain ar luath-oideachas agus cúram. Ba chóir go saineofáí polasaí na seirbhísí i leith an tumoideachais.

**Ceist 26: Administrative burden: The Programme for Government commits to reducing the administrative burden on providers and one of the ways may be through regulatory**

**simplification. Are there ways in which you think the regulations could be simplified in order to reduce the administrative burden on providers?**

- Cinntigh gur féidir le seirbhísí a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a gcuid riarachán a dhéanamh trí mheán na Gaeilge más mian leo é, agus nach mbeadh aon dua sa bhreis orthu sin a dhéanamh. Ciallaíonn sé seo gur ceart go mbeadh gach seirbhís luathbhlianta agus cúram iarscoile in ann tabhairt faoin a gcuid riarachán agus comhfhreagras trí Ghaeilge, ar na córais céanna agus ar an luas céanna leis na córais Béarla.
- Cinntigh go nglacann córais faisnéise a úsáidtear leis na rialacháin a fheidhmiú agus scéimeanna agus eile a riar leis an nGaeilge mar theanga chumarsáide.
- Cinntigh go gcuirtear eolas, foirmeacha agus eile maidir leis na rialacháin ar fáil trí mheán na Gaeilge agus go mbeadh an Ghaeilge cruinn, intuigthe agus ag teacht leis an téarmaíocht atá in úsáid san earnáil tumoideachais.
- Cinntigh go ndéanfar cigireacht trí mheán na Gaeilge ar sheirbhísí gur seirbhísí tumoideachais iad.